CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 59/23
Lucsamburg, 18 Aibreán 2023

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-699/21 | E. D. L. (Foras diúltaithe ar bhonn tinnis)

# Barántas gabhála Eorpach: údaraítear le baol follasach do shláinte an duine iarrtha a thabhairt suas a chur ar fionraí shealadach agus cuireann sé d'oibleagáid ar an údarás forghníomhaitheach faisnéis a iarraidh ar an údarás eisiúna a bhaineann leis na coinníollacha faoina bhfuil sé beartaithe an duine sin a ionchúiseamh nó a choinneáil

*Más dócha go gcruthófar leis an tabhairt suas, don duine a bhfuil tinneas tromchúiseach air, baol cóireála mhídhaonna nó tháireach nach féidir a sheachaint laistigh de thréimhse réasúnta, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach diúltú an barántas gabhála a fhorghníomhú*

D'eisigh Cúirt Dhúiche Zadar (an Chróit) barántas gabhála Eorpach i gcoinne E. D. L., a bhfuil cónaí air san Iodáil, chun críocha imeachtaí coiriúla a sheoladh sa Chróit an 9 Meán Fómhair 2019.

Tar éis measúnú síciatrach a dhéanamh, dhearbhaigh Cúirt Achomhairc Milano, a bhí inniúil chun an barántas gabhála seo a fhorghníomhú, go raibh neamhord síciatrach ann a éilíonn go leanfaí le cóireáil drugaí agus síciteiripeach, chomh maith le baol suntasach féinmharaithe ann i gcás téarma príosúnachta. Mheas sí, ar thaobh amháin, go gcuirfeadh forghníomhú an bharántais ghabhála Eorpaigh isteach ar chóir leighis E. D. L. agus go dtiocfadh meath ar a shláinte i gcoitinne, a bhféadfadh a n-iarmhairtí a bheith fíor-thromchúiseach, nó fiú a bheith ina bhaol cruthaithe féinmharaithe. Fuair sí, ar an taobh eile, nach bhforáiltear i bhforálacha na hIodáile lena dtrasuítear an cinneadh réime maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach gur féidir cúiseanna sláinte den chineál seo a bheith ina bhforas chun diúltú do thabhairt suas. Dá bhrí sin cheistigh sí Cúirt Bhunreachtúil na hIodáile maidir le bunreachtúlacht na bhforálacha seo.

Ós rud é go mbaineann an cás, ní hamháin le comhoiriúnacht na bhforálacha sin le Bunreacht na hIodáile, ach le léiriú dhlí an Aontais Eorpaigh ar a bhfuil siad á gcur chun feidhme, tharchur Cúirt Bhunreachtúil na hIodáile an cheist go dtí an Chúirt Bhreithiúnais. Ós rud é nach bhfuiltear ag súil go ndiúltófar don duine atá á lorg a thabhairt suas de dheasca galair a bheadh ainsealach agus de thréimhse éiginnte, fiafraíonn Cúirt Bhunreachtúil na hIodáile den Chúirt conas an baol díobhála do shláinte an duine seo a chosc, a dtiocfaidh meath suntasach ar a choinníollacha i gcás a thabhartha suas. Fiafraíonn sí go háirithe, an gcaithfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach faisnéis a iarraidh ar an údarás breithiúnach eisiúna chun baol den sórt sin a chur as an áireamh agus an gcaithfidh sé tabhairt suas a dhiúltú mura bhfaigheann sé, laistigh de thréimhse réasúnta, an deimhniú is gá chun an baol sin a sheachaint.

I mbreithiúnas an lae inniu, **meabhraíonn an Chúirt, ina suí di mar Mhór-Dhlísheomra, go bhfuil prionsabail na muiníne agus an aitheantais fhrithpháirtigh ríthábhachtach i ndlí an Aontais Eorpaigh, arb é an dara ceann acu sin "bunchloch" an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla.**

Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, nach bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha forghníomhaitheacha diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ach amháin ar fhorais a eascraíonn as an gcinneadh réime agus, ar an

dara dul síos, go bhfuil an diúltú forghníomhaithe ceaptha mar eisceacht nach mór a léiriú go docht. Go deimhin, tá toimhde ann gur leor an cúram agus an chóireáil arna dtairiscint sna Ballstáit chun críche, go háirithe,  galair thromchúiseacha, ainsealacha agus a d'fhéadfadh a bheith gan leigheas. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil cúiseanna bailí, ar bhonn fachtóirí oibiachtúla, chun a mheas go gcuirfeadh tabhairt suas duine iarrtha a shláinte i mbaol go follasach, **féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, go heisceachtúil, an tabhairt suas seo a chur ar fionraí shealadach.** Ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach an chumhacht chun an baol seo a mheasúnú a fheidhmiú i gcomhréir leis an toirmeasc ar chóireáil mhídhaonna agus tháireach dá bhforáiltear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Chun teacht faoin dtoirmeasc seo, ní foláir, mar sin féin, go sroichfeadh an chóireáil seo íosmhéid déine a sháraíonn an leibhéal fulaingthe dosheachanta is gné dhílis de choinneáil.

Mar sin, nuair a bheidh forais thromchúiseacha agus chruthaithe ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach, i bhfianaise na heilimintí oibiachtúla atá ar fáil dó, chun a chreidiúint go mbeadh fíorbhaol ag baint le tabhairt suas an duine a bhfuil tinneas tromchúiseach air go dtiocfadh laghdú suntasach ar a ionchas saoil agus garmheath dáiríre, tapaigh agus gan leigheas ar staid a shláinte, **ceanglaítear ar an údarás sin an tabhairt suas a chur ar fionraí**. Sa chás seo, chun comhar éifeachtach a áirithiú in ábhair choiriúla, **caithfidh sé a iarraidh ar an údarás breithiúnach eisiúna aon fhaisnéis a sholáthar a bhaineann leis na coinníollacha faoina bhfuil sé beartaithe an duine atá á lorg a ionchúiseamh nó a choinneáil**. **Más féidir an baol thuasluaite a chur as an áireamh mar gheall ar na ráthaíochtaí a sholáthraíonn an t-údarás breithiúnach eisiúna, ní mór an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ansin.**

Is féidir, áfach, i gcúinsí eisceachtúla, i bhfianaise na faisnéise arna soláthar ag an údarás breithiúnach eisiúna, go dtiocfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach ar an tátal, ar thaobh amháin, i gcás ina dtabharfaí suas don Bhallstát eisiúna é, go mbeadh fíorbhaol cóireála mhídhaonna agus tháireach i gceist don duine lena mbaineann agus, ar an taobh eile, nach bhféadfaí an baol sin a sheachaint laistigh de thréimhse réasúnta. Sa chás seo, **ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú. Ar an taobh eile, más féidir deireadh a chur leis an mbaol sin laistigh de thréimhse dá leithéid, ní mór dáta nua don tabhairt suas a chomhaontú leis an údarás breithiúnach eisiúna.**

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus résumé an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite " ✆ (+32) 2 2964106

Fanaigí i dteagmháil linn!